Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Eanáir 2022
(OR. en)

5170/22

LIMITE

EF 4
ECOFIN 24
ENV 16
SUSTDEV 4

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta 22/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Sustainable finance: More consistent EU action needed to redirect finance towards sustainable investment* ['Maoiniú Inbhuanaithe: Ní mór don Aontas gníomhú ar bhealach níos comhleanúnaí chun maoiniú a atreorú chuig infheistíocht inbhuanaithe]<br>- Formheasadh |

1. An 20 Meán Fómhair 2021, d'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa an Tuarascáil Speisialta thuasluaite[1].

2. De bhun na rialacha a leagtar síos sna conclúidí ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an scrúdú ar thuarascálacha speisialta[2] arna ndréachtú ag an gCúirt Iniúchóirí, d'iarr Coiste na mBuanionadaithe ar an gCoiste um Sheirbhísí Airgeadais, an 29 Meán Fómhair 2021, an Tuarascáil Speisialta a scrúdú i gcomhréir leis na rialacha sin.

[1] Tá fáil ar an tuarascáil speisialta sin in 23 theanga de theangacha an Aontais ar shuíomh gréasáin na Cúirte: http://eca.europa.eu.
[2] 7515/00 FIN 127 + COR 1.

3. Dá thoradh sin, chuir Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a tuarascáil faoi bhráid an Choiste um Sheirbhísí Airgeadais an 6 Deireadh Fómhair 2021, agus d'ullmhaigh an coiste sin dréachtchonclúidí ón gComhairle ina dhiaidh sin. Chomhaontaigh an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais na conclúidí sin an 10 Eanáir 2022[3].

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an comhaontú ar thángthas air sa Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais a dhearbhú agus a mholadh don Chomhairle na conclúidí ón gComhairle a leagtar amach in 5171/1/22 REV 1 a fhormheas mar mhír "A" ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[3] 5171/1/22 REV 1